

# Árachas sóisialta agus daoine féinfhostaithe

## 1. Cé a íocann Árachas Sóisialach Pá-Coibhneasa (ÁSPC)?

Gach duine atá féinfhostaithe agus 16 bliain d'aois nó os a chionn, agus faoi aois inphinsin (66 i láthair na huaire) a bhfuil €5,000 nó le cois aige nó aici d'ioncam nó de luach saothair sa bhliain, dlitear árachas sóisialach pá-coibhneasa faoi Aicme S orthu.

Ina measc sin tá:

- gairmithe (dochtúirí, fiaclóirí, dlíodóirí, srl. mar shampla)
- trádálaithe aonair, daoine atá i mbun gnó ina n-aonar nó i bpáirtíocht, feirmeoirí, reiligiúnaigh, conraitheoirí, fo-chonraitheoirí
- daoine a bhfuil ioncam acu ó infheistíochtaí, ó chíosanna nó ó íocaíochtaí cothabhála
- fostaithe atá féinfhostaithe ag an am céanna i gceird nó i ngairm
- stiúrthóirí cuideachta agus daoine eile a íocann a gcuid cánach tríd an gcóras ÍMAT ach nach bhféachtar orthu mar fhostaithe chun críocha árachas sóisialach
- ealaíontóirí agus feighlithe linbh áirithe a bhfuil díolúine faighte acu ó cháin ioncaim ó na Coimisinéirí Ioncaim

## 2. Cé nach gá dó/di ÁSPC féinfhostaithe a íoc?

Ní gá do chatagóirí áirithe daoine ÁSPC Aicme S a íoc.

Seo a leanas roinnt samplaí:

- gaolta daoine féinfhostaithe a chabhraíonn chun an gnó a choimeád ag imeacht, ach nach páirtithe gnó iad
- daoine ar lú ná €5,000 a n-ioncam inríofa
- daoine a íocann ranníocaíochtaí ag Aicme A nach bhfuil d'ioncam féinfhostaithe acu ach ioncam neamhthuillte ar nós úis nó cíosa
- seirbhísigh phoiblí a íocann ÁSPC ag Aicme B, C, nó D agus atá féinfhostaithe ag an am céanna

- daoine atá ag fáil pinsin cheirde nach bhfuil d'ioncam féinfhostaithe acu ach ioncam neamhthuillte ar nós úis nó cíosa
- daoine atá ag fáil liúntas réamhscoir ar bhonn leanúnacha
- daoine nach bhfuil gnáthchónaí orthu sa Stát a bhfuil ioncam neamhthuillte acu

### 3. Cá mhéad a íocann daoine féinfhostaithe i gcomórtas le fostaithe?

Dlitear ÁSPC ar oibrithe féinfhostaithe ag ráta Aicme S de 4%.

Fostaithe ar a ndlitear ÁSPC ag ráta Aicme A, íocann siad 4%. Lena chois sin, íocann a bhfostóirí 10.75% de ranníocaíocht ÁSPC maidir leo, rud a thugann 14.75% de ráta comhcheangailte in aghaidh an fhostaithe faoi ÁSPC lánráta Aicme A. (I gcás fostaithe a thuilleann faoi bhun €356 sa tseachtain, is é 4.25% ráta ÁSPC an fhostóra).

#### Comhdhéanamh ioncam an Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) i gcás Fostaithe i gcomórtas le Daoine Féinfhostaithe

	<b>Toradh 2010</b>	<b>Toradh 2011</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
<b><u>Toradh is ea ioncam an CÁS ar:</u></b>		
Ranníocaíochtaí ó fostaithe	6,377,415	7,192,180
Ranníocaíochtaí ó dhaoine féinfhostaithe	330,603	348,342
<b>Ioncam CÁS iomlán ó ranníocaíochtaí</b>	<b>6,708,018</b>	<b>7,540,522</b>
Ranníocaíochtaí ó dhaoine féinfhostaithe mar % de na ranníocaíochtaí iomlána	4.9%	4.6%

Nóta: Meastar ranníocaíochtaí ó Stiúrthóirí féinfhostaithe a bheith cothrom le 1.97% de ranníocaíochtaí Sceideal E tar éis cleachtadh leithdháilte a tugadh chun críche i Lúnasa 2009 i dtaca le sonraí fáiltas 2007.

#### **4. Cén fáth a n-íocann daoine féinfhostaithe ráta ÁSPC is lú ná fostaithe?**

Ceanglaítear ar gach oibrí, idir fhostaithe agus dhaoine féinfhostaithe, ranníocaíochtaí ÁSPC a íoc mar chéatadán dá n-ioncam inríofa pearsanta. Tugann na ranníocaíochtaí sin teidlíocht díobh ar raon íocaíochtaí bunaithe ar theagmhas faoi scéimeanna éagsúla árachais shóisialaigh, lena n-áirítear pinsin.

Léiriú is ea an raon sochar agus pinsean ar féidir le grúpaí difriúla oibrithe teidlíocht a bhunú ina leith na rioscaí a ghabhann le nádúr a gcuid oibre.

Léiríonn sé sin, ina dhiaidh sin, an ráta ranníocaíochta is iníochta. Dlitear ÁSPC ar dhaoine féinfhostaithe ag ráta Aicme S de 4% agus dá bhrí sin is cúinge an raon sochar dá gcáilíonn siad i gcomórtas le fostaithe ginearálta a íocann 14.75% de ranníocaíocht iomlán, in éineacht lena bhfostóirí, faoi ÁSPC Aicme A lánráta.

Ní cháilíonn oibrithe féinfhostaithe do shochair ghearrthéarmacha ar nós íocaíochtaí breoiteachta agus íocaíochtaí cuardaigh fostaíochta – daoine a íocann ÁSPC ag Aicmí A, E, H agus P amháin a cháilíonn dóibh siúd. Léiríonn sé sin an gá atá le teagmhais éagsúla a bheith clúdaithe, ráta na ranníocaíochtaí a íocann daoine féinfhostaithe, na socruithe praiticiúla a ghabhann le híocaíochtaí gearrthéarmacha a riaradh agus a rialú agus an córas bliantúlaithe ranníocaíochtaí a íocann na daoine céanna sin. Córas coitianta is ea é i gcórais choimirce sóisialaí Eorpacha eile socruithe ar leith a bheith ann d'oibrithe fostaithe agus d'oibrithe féinfhostaithe ó thaobh árachas sóisialta de.

## **5. Cé na sochair a fhaigheann daoine féinfhostaithe de thoradh a ranníocaíochtaí, i gcomórtas leis na sochair a fhaigheann ranníocóirí fostaithe?**

Tugann ÁSPC Aicme S clúdach le haghaidh:

- Pinsean ranníocach baintrí, baintrí fir nó pháirtnéara shibhialta mharthanaigh
- Íocaíocht chaomhnóra (ranníocach)
- Pinsean stáit (ranníocaíoch)
- Sochar máithreachais
- Sochar uchtála
- Deontas méala

Tugann ÁSPC Aicme A clúdach le haghaidh:

- Sochar cuardaitheora poist
- Sochar breoiteachta
- Sochar sláinte agus sábháilteachta
- Sochar máithreachais
- Sochar uchtála
- Pinsean easláine
- Pinsean ranníocach baintrí, baintrí fir nó pháirtnéara shibhialta mharthanaigh
- Íocaíocht chaomhnóra (ranníocach)
- Pinsean Stáit (athrú)
- Pinsean stáit (ranníocaíoch)
- Deontas méala
- Sochar cóireála
- Sochar díobhálacha ceirde
- Liúntas cúramóra

## **6. Cén 'toradh ar infheistíocht' a fhaigheann daoine féinfhostaithe ó ÁSPC?**

Fuarthas in Athbhreithniú Achtúireach 2005 ar an gCiste Árachais Shóisialaigh gur fiú go mór árachas sóisialta a íoc i ngach cás nach mór. Is fearrde daoine féinfhostaithe ná fostaithe ó thaobh an Chiste de, nuair a chuirtear ranníocaíochtaí an fhostóra agus an fhostaí le chéile i gcás duine fostaithe. Léiríonn an anailís seo gur mó a thairbhíonn daoine féinfhostaithe den Chiste Árachais Shóisialaigh i gcomórtas le daoine féinfhostaithe, d'ainneoin cúinge an raon sochar dá gcáilíonn siad.

Sochar an-luachmhar is ea an pinsean stáit (ranníocach), i gcomórtas le sochair eile. Ní áirítear ar an €230.30 sa tseachtain den uasráta reatha den phinsean stáit (ranníocach) nó €12,000 sa bhliain nach mór, luach na méaduithe (faoi réir thástáil maoine) i leith daoine aosaithe cháilithe, nó na sochair bhreise eile a d'fhéadfadh faighteoirí a fháil.

Cosnaíonn blianacht boilsciú-nasctha a íocann €12,000 sa bhliain i sochair thosaigh breis is €300,000 ar an margadh. Ní chlúdaíonn an figiúr sin aon sochar marthanóra, faoi mar atá ar fáil leis an bpinsean stáit. Ba cheart a thuiscint gur mhéadaigh an pinsean stáit (ranníocach) de bhreis ar an ráta boilscithe agus ar fhás i dtuilleamh sa tréimhse suas go dtí 2010 agus gur méaduithe CPI-nasctha ar a mhéad a fhaightear le blianachtaí.

Níor mhiste a rá, leis, gur ioncam faoi bhun €50,000 a bhí ag 90% de ranníocóirí féinfhostaithe sa bhliain 2008, a chiallaigh nach mbeidh íoctha ag na ranníocóirí sin i leith a bpinsean stáit ach suim is lú ná €1,500 sa bhliain i ranníocaíochtaí, agus gur lú i bhfad ná sin an ranníocaíocht i bhformhór na gcásanna.

## **7. An féidir le daoine féinfhostaithe cáiliú do shochar cuardaitheora poist?**

Íocann daoine féinfhostaithe ÁSPC ag Aicme S, aicme nach dtugann clúdach le haghaidh sochar cuardaitheora poist. Ach má d'oibrigh duine féinfhostaithe mar fhostaí sna ceithre bliana dheireanacha, d'fhéadfadh sé gur íoc sé nó sí dóthain ÁSPC ag Aicme A, H nó P chun cáiliú do shochar cuardaitheora poist agus ba cheart dóibh iarratas a dhéanamh chuig a nOifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh ar an íocaíocht seo.

D'fhéadfaidís bheith i dteideal sochar cuardaitheora poist i dtaca le laethanta dífhostaíochta, ar choinníoll go sásaíonn siad coinníollacha na scéime. Cuirtear san áireamh leibhéal a dtiomantas don ghnó ar na laethanta nach bhfuil siad ag obair. Mar shampla, dá mbeadh orthu lá a chaitheamh i mbun a gcuntas nó ag ceannach ábhar, d'fhéachfaí air sin mar lá fostaíochta.

## **8. Cá mhéad a bheadh le híoc ag duine féinfhostaithe chun sochair ar aon dul le sochair oibrithe fostaithe a fháil?**

Gearrtar ranníocaíochtaí daoine féinfhostaithe ag ráta 4% d'ioncam inríofa os cionn €5,000 nó €253 sa bhliain cibé acu is mó. Fostaithe Aicme A a cháilíonn do gach sochar, íocann siad ÁSPC ag ráta 4%. Lena chois sin, íocann a bhfostóirí 10.75% de ranníocaíocht ÁSPC ina leith, a thugann íocaíocht chomhcheangailte de 14.75% in aghaidh an fhostaí faoi ÁSPC Aicme A lánráta. (I gcás fostaithe a thuilleann faoi bhun €356 sa tseachtain, is é 4.25% ráta ÁSPC an fhostóra.)

Bheadh impleachtaí móra airgeadais ag gabháil le haon athrú ar an gcóras ÁSPC chun raon iomlán na sochar árachais shóisialta, lena n-áirítear sochar cuardaitheora poist, a leathnú go dtí daoine féinfhostaithe. Níor mhór méadú suntasach a dhéanamh ar an ráta ranníocaíochta is iníochta i

gcás aon athrú dá shórt.

Cuid de théarmaí tagartha an Athbhreithnithe Achtúirigh ar an gCiste Árachais Shóisialaigh amhail ar an 31 Nollaig 2010 ab ea meastachán a dhéanamh ar na himpleachtaí costais san fhadtárma don Chiste agus ar na rátaí ranníocaíochta meá ar mheá (ranníocaíochtaí fostóra, fostaí, daoine féinfhostaithe) a bheadh riachtanach chun pinsin easláine agus íocaíochtaí cuardaitheora poist a sholáthar d'oibrithe féinfhostaithe. Lena chois sin, tá tús curtha ag an nGrúpa Comhairleach ar Cháin agus ar Leas Sóisialach lena scrúdú ar na saincheistanna a bheadh i gceist le clúdach árachais shóisialaigh a sholáthar do dhaoine féinfhostaithe le fáil amach an mbeadh clúdach dá shórt indéanta go teicniúil agus inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de.

Cabhróidh mionscrúdú ar thorthaí an Athbhreithnithe Achtúirigh ar an gCiste Árachais Shóisialaigh agus ar Thuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh ar Cháin agus ar Leas Sóisialach chun cinneadh a dhéanamh céard é an ráta ranníocaíochta a theastódh má shocraítear go mbeadh sé indéanta clúdach le haghaidh sochar gearrthéarmach a leathnú go daoine féinfhostaithe.

## **9. Cé na tacaíochtaí eile atá ar fáil do dhaoine féinfhostaithe?**

Chomh maith leis na sochair a luaitear ag 4 thuas, d'fhéadfadh daoine féinfhostaithe atá dífhostaithe nó a bhfuil breoiteacht nó míchumas orthu bheith i dteideal íocaíocht faoi réir thástáil maoiné ar nós liúntas cuardaitheora poist, cúnamh feirme, liúntas míchumais nó liúntas leasa forlíontach.

I gcás ina sásaíonn duine féinfhostaithe na coinníollacha cáilitheachta cuí agus an tástáil maoiné cuí, beidh sé nó sí i dteideal na n-íocaíochtaí sin ar an tslí chéanna le daoine arbh fhostaithe iad riamh.

Daoine féinhostaithe nach dtuilleann dóthain ioncaim as a gcuid oibre, d'fhéadfaidís leanúint de bheith ag obair agus cáiliú don liúntas cuardaitheora poist, ar choinníoll go sásaíonn siad an tástáil maoinne agus na coinníollacha cáilitheachta eile.

Féadann duine ar bith, fostaithe nó féinhostaithe, atá i gcruachás maidir le teacht isteach, iarratas a dhéanamh ar an liúntas leasa forlíontach atá faoi réir thástáil maoinne. Déantar cinneadh maidir le 95% d'iarratais ar an liúntas seo laistigh de sheachtain agus íoctar iad sa tréimhse chéanna.

## **10. Conas a chuirtear an tástáil maoinne don liúntas cuardaitheora poist i bhfeidhm i gcás daoine féinhostaithe?**

Féadann duine féinhostaithe iarratas a dhéanamh ar liúntas cuardaitheora poist má tá siad gach obair de thoradh gnó a bhí acu a chlis nó murar leor an méid oibre atá á fáil acu chun dóthain ioncaim a sholáthar dóibh. Tá sé curtha in iúl don fhoireann sa Roinn nár cheart moladh do chustaiméir féinhostaithe é féin nó í féin a dhíchláru mar dhuine féinhostaithe riamh, ós rud é go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar an dóchúlacht go bhfaigheadh an duine sin obair feasta mar dhuine féinhostaithe.

I bhformhór na gcásanna sin, cuirfidh cigire Leasa Shóisialaigh faoi agallamh iad, féachaint cén mhaoin atá acu.

Foráiltear sa reachtaíocht gurb é ioncam duine sna 12 mhí atá le teacht bunús a maoinne. Ach cé go mbaintear úsáid as ioncam ón 12 mhí dheiridh tuairim a fháil den ioncam is dócha a bheidh ag duine feasta, ní dhéantar talamh slán de go nginfear an méid céanna ioncaim sa chéad bhliain eile, agus cuirtear san áireamh an dóchúlacht go bhféadfadh ardú nó laghdú suntasach teacht ar ioncam.



Tá treoir faighte ag cigirí Leasa Shóisialaigh gur cheart dóibh leas a bhaint as an eolas atá faighte acu ar choinníollacha sa gheilleagar áitiúil chun measúnú cóir a dhéanamh ar an ioncam is dócha a bheadh ag duine ó fhéinfhostaíocht sna chéad 12 mhí eile. Tá lámhleabhar de cheisteanna coitianta curtha i dtoll a chéile ag an Roinn agus d'fhéadfadh sé sin bheith áisiúil do chigirí ag céim an agallaimh d'imscrúduithe áirithe. Ceapadh na treoracha sin chun cabhrú le cigirí teacht ar thuairim eolasach maidir leis an staid trádála iarbhír agus an leibhéal ioncaim a d'fhéadfadh gnó nó fiontar a ghiniúint.

Má tá duine féinfhostaithe tar éis éirí féinfhostaíocht, agus mura bhfuil aon ionchas réasúnta ann go bhfaighidh sé nó sí ioncam ón bhfoinse seo sna chéad 12 mhí eile, níor cheart iad a mheasúnú le maoin ó fhéinfhostaíocht.

### **Measúnú maoin a fuarthas ó fhéinfhostaíocht chun críocha líúntas cuardaitheora poist**

- Glactar leis gurb é maoin custaiméara ó fhéinfhostaíocht an glanioncam measta a thuillfidh siad ón ngnó nó ón bhfiontar, lena n-áirítear ón bhfeirmeoireacht, sna chéad 12 mhí eile.
- Roinntear an glanioncam bliantúil measta ar 52, agus cuirtear leis aon mheasúnú de mhaoin sheachtainiúil ó fhoinse/fhoinsí eile (más cuí), agus dealaítear an measúnú iomlán ar ioncam seachtainiúil ansin ón uasráta seachtainiúil íocaíochta cuí a bhaineann le méid an teaghlaigh.
- Is éard is ciall le glanioncam bliantúil measta ná ioncam comhlán lúide gach costas cuí gnó (agus deimhnithe, más cuí). Níl aon liosta cuimsitheach costas ann a d'fhéadfaí a chur san áireamh; ní mór do gach costas a bheith bainteach go soiléir agus go hiomlán leis an bhfiontar gnó. I gcás ina bhféadfadh idir úsáid ghnó agus úsáid phearsanta a bheith ag gabháil le costas ar leith, m.sh. costas

iompair nó fónais, leithdháilfidh an cigire Leasa Shóisialaigh céatadán cuí den chostas ar an ngnó agus dealófar an méid sin den ioncam comhlán measta.

- I gcás nach bhfuil aon athrú is eol ar thosca nó athrú ionchasach, úsáidtear an glanioncam a fuarthas sa 12 mhí roimh sin de ghnáth mar tháscaire den leibhéal gnó agus den ghlanbhrabús measta sna 12 mhí ina dhiaidh sin.
- Má léiríonn na cuntais ioncaim agus caiteachais maidir leis an 12 mhí dhéag roimhe sin cúlú incriminteach agus buanaithe in imeacht ama, cuirtear san áireamh sa ghlanioncam measta do na 12 mhí ina dhiaidh sin an laghdú ar thrádáil. Laghdaítear dá réir sin an glanioncam measta, agus an measúnú ar acmhainn dá éis ar bhonn comhréireach. (Ar an tslí chéanna, cuirtear san áireamh aon mhéadú ionchasach ar ghnó, cé gur dócha go ndéanfaí athbhreithniú luath ar an measúnú acmhainne sna tosca sin).
- I gcás ina bhfaightear amach nach bhfuil an gnóthas i mbun trádála a thuilleadh, ní mheasúnaítear aon acmhainn ar bhonn leanúnach ón ngnóthas sin.
- I gcás go dtagann athrú ar staid duine féinfhostaithe tar éis dóibh éileamh tosaigh a dhéanamh ar liúntas cuardaitheora poist, is ceadmhach dóibh iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar a n-acmhainn. Lena chois sin, is faoin duine aonair atá sé, má tá sé nó sí míshásta leis an acmhainn a measúnaíodh, achomharc a dhéanamh chuig an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh.

## **11. Cad is ranníocaíocht dheonach ann agus cén ráta ranníocaíochta deonaí is ceadmhach do dhaoine féinfhostaithe a íoc?**

Ranníocaíochtaí deonacha is ea ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh Pá-Coibhneasa is ceadmhach duit a íoc de rogha má tá tú idir 16 agus 66 bliain d'aois agus mura bhfuil tú clúdaithe a thuilleadh níos mo ag ÁSPC

éigeantach i bhfoirm fostaíocht inárachais, féinfhostaíocht nó ranníocaíochtaí creidiúnaithe.

Trí íocaíochtaí deonacha a íoc is féidir do theidlíochtaí ar phinsin ranníocach a choimeád nó a fheabhsú.

Le cead a fháil ranníocaíochtaí deonacha a íoc ní mór duit:

- 260 seachtain ar a laghad \*ÁSPC íochta a bheith agat faoi ÁSPC éigeantach i bhfostaíocht nó i bhféinfhostaíocht.
- iarracht a dhéanamh laistigh de 12 mhí tar éis chríoch na bliana ranníoca inar íoc tú ÁSPC éigeantach nó ar íocadh ranníocaíocht chreidiúnaithe ('creidiúint') ar do shon, agus
- toiliú chun ranníocaíochtaí deonacha a íoc ó thús na seachtaine ranníoca a lean an tseachtain inar fhág tú árachas éigeantach nó inar íocadh ranníocaíocht chreidiúnaithe ar do shon.

\*Má tá iarratas á dhéanamh agat chun teacht chun bheith i do ranníocóir deonach:

- an 6 Aibreán 2013 nó ina dhiaidh sin, beidh 364 seachtain ÁSPC íochta de dhíth ort,
- an 6 Aibreán 2014 nó ina dhiaidh sin, beidh 468 seachtain ÁSPC íochta de dhíth ort nó
- an 6 Aibreán 2015 nó ina dhiaidh sin, beidh 520 seachtain ÁSPC íochta de dhíth ort.

Is é ráta na ranníocaíochta ÁSPC deireanaí a d'íoc an duine a chinneann i gcónaí ráta na ranníocaíochtaí deonacha is iníochta. Trí ráta éagsúla de ranníocaíochtaí deonacha atá ann.

- **Ráta ard:** Bíonn an ráta seo iníochta má íocadh an ranníocaíocht ÁSPC dheireanach ag Aicme A, E nó H. Faoi láthair is é 6.6% den ioncam inríofa sa bhliain ranníoca dheireanach an méid is iníochta i ngach bliain ranníoca. Is é €317.00 an íosíocaíocht bhliantúil. Tá uasráta iníochta, leis, a shocraítear de réir na huasteorann ÁSPC d'fhostaithe is infheidhme i ngach bliain ranníoca.
- **Ráta Íseal:** Íoctar an ráta seo más amhlaidh gur íocadh an ranníocaíocht ÁSPC dheireanach ag Aicme B, C nó D. Faoi láthair is

é 2.6% den ioncam inríofa sa bhliain ranníoca dheireanach an méid is iníochta i ngach bliain ranníoca. Is é €126.00 an íosíocaíocht bhliantúil. Tá uasráta iníochta, leis, a shocraítear de réir na sileála ÁSPC d'fhostaithe is infheidhme i ngach bliain ranníoca.

- **Ráta Speisialta:** Seo é an ráta iníochta más **Aicme S - féinfhostaithe** aicme na ranníocaíochta ÁSPC a íocadh. Is é **€253.00 sa bhliain** an méid is iníochta i láthair na huaire.

## 12. Cén clúdach a sholáthraíonn ranníocaíochtaí deonacha?

Soláthraíonn ranníocaíochtaí deonacha clúdach le haghaidh sochar fadtéarmacha, ar nós pinsean ranníocach.

Soláthraíonn ranníocaíochtaí deonacha **ar ráta ard** clúdach le haghaidh:

- Pinsean Stáit (athrú)
- Pinsean stáit (ranníocaíoch)
- Pinsean ranníocach baintrí, baintrí fir nó pháirtnéara shibhialta mharthanaigh
- Íocaíocht chaomhnóra (ranníocach)
- Deontas méala

Soláthraíonn ranníocaíochtaí deonacha **ar ráta íseal** clúdach le haghaidh:

- Pinsean ranníocach baintrí, baintrí fir nó pháirtnéara shibhialta mharthanaigh
- Íocaíocht chaomhnóra (ranníocach)
- Deontas méala

Soláthraíonn ranníocaíochtaí deonacha **ráta speisialta** (a íocann daoine a bhí féinfhostaithe roimhe seo agus a d'íoc ÁSPC Aicme S) clúdach le haghaidh:

- Pinsean stáit (ranníocaíoch)

- Pinsean ranníocach baintrí, baintrí fir nó pháirtnéara shibhialta mharthanaigh
- Íocaíocht chaomhnóra (ranníocach)
- Deontas méala

### **13. Cad é is cuspóir don Athbhreithniú Achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialaigh agus cad a inseoidh sé dúinn?**

Foráiltear san Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 le haghaidh athbhreithnithe achtúireacha a bheith déanta ar an gCiste, mar seo a leanas:

"10 - (1) *Cuirfidh an tAire -*

- (a) *athbhreithnithe achtúireacha á ndéanamh ar staid airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh ag cibé duine a chinnfidh an tAire chun a fháil amach a mhéad a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis go bhfreastalódh an Ciste, san fhadtearma, ar na héilimh i dtaca le sochair agus íocaíochtaí eile a íoc, ag féachaint go háirithe do leordhóthanacht nó eile na ranníocaíochtaí chun tacú le sochair agus le híocaíochtaí eile agus aon ní eile a mheasann an tAire a mbeadh tionchar aige ar staid airgeadais an Chiste anois agus feasta.*

Beidh an t-athbhreithniú mar bhonn le forbairt beartais ghearrthéarmach agus meántéarmach i dtaca leis an gCiste Árachais Shóisialaigh i gcoitinne.

Soláthróidh an t-athbhreithniú eolas i dtaca le:

- an gannchion sa Chiste Árachais Shóisialaigh
- leibhéal an fhóirdheontais a theastóidh chun leibhéal reatha íocaíochta a choimeád
- an luach ar airgead a sholáthraítear do na ranníocóirí éagsúla a íocann isteach sa chiste
- meastacháin a léiríonn roghanna éagsúla beartais

Cuid de théarmaí tagartha an Athbhreithnithe Achtúirigh ar an gCiste Árachais Shóisialaigh amhail ar an 31 Nollaig 2010 ab ea meastachán a dhéanamh ar na himpleachtaí costais san fhadtéarma don Chiste agus ar na rátaí ranníocaíochta meá ar mheá a bheadh riachtanach chun pinsin easláine agus íocaíochtaí cuardaitheora poist a sholáthar d'oibrithe féinfhostaithe. Foilseofar an Tuarascáil i gcaitheamh 2012.